# Nósanna Imeachta do Chomhairlí Tréadacha Paróistí agus do Choistí Airgeadais Paróistí



Deoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach



Kilfenora Cross

"Tusa agus mise,
a baisteadh i gCríost
agus a cóineartaíodh
Ina Spiorad -
is muide an Eaglais"

(Easpag Micheál Ó Duibhgeannáin)

Tagann an focal "Eaglais" ón Ghréigis, ἐκκλησία (ekklesia), a chiallaíonn grúpa daoine gairthe agus bailithe le chéile ar son aidhm ar leith.. Roimh a bhí baint ar bith ag an bhfocal le foirgneamh nó roimh a úsáideach é chun tagairt a dhéanamh don chléir amháin -chuir sé in iúl na daoine a bhailigh Íosa Críost le chéile Lena shoiscéal a scaipeadh i gcroí gach duine. De réir brí cheart an fhocail - tusa agus mise, atá baisteadh i gCríost agus cóineartaíodh ina Spiorad -is muide an Eaglais.

Thug an Dara Comhairle Vatacánach (1962-1965) aird ar an smaoineamh seo nuair a labhair siad faoin Eaglais mar Phobal Dé, agus ag an am céanna ag tabhairt aitheantais do róil dhifriúla, chuir siad béim ar an gcomhfhreagairt atá ag an gcléir agus an tuath araon, sa bheatha Críostaí.

Cumhdaíonn Cód an Dlí Canónta (1983) é seo sna struchtúir pharóistí a rialaíonn go: Bunófar Comhairle Thréadach Paróiste i ngach paróiste sa Deoise, dá chinnfeadh Easpag na Deoise í, tar éis dó comhairle a lorg ón gComhairle Preispitéar." (C. 536, §1) I gCanón 537, sonraítear "i ngach paróiste, beidh Coiste Airgeadais i bhfeidhm le cúnamh a thabhairt don Sagart Paróiste sa riarachán críonna de mhaoin an pharóiste."

Leagadh amach na Nósanna Imeachta nua seo do Chomhairlí Tréadacha Paróistí agus do Choistí Airgeadais Paróistí trí chomhairliúchán a rinneadh le Comhairle na Sagart agus le Coiste Stiúrtha d'athstruchtúrú agus d'athnuachan sa Deoise. Cuireann sé leis an obair atá cheana féin curtha i gcrích agus le taithí Comhairlí Tréadacha na bParóistí ar fud Deoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach.

Agus na gnáthnósanna foilsithe, is é mo dhócas go dtabharfaidh sé deis do bhaill reatha agus do bhaill atá le teacht sna Comhairlí Tréadacha Paróistí agus sna Coistí Airgeadais Paróistí mar aon lenár shagairt le machnamh a dhéanamh ar ár mhisean ar leith agus le bheith ina rannpháirtí thábhachtacha in athstruchtúrú agus in athnuachan an pharóiste agus i mbeatha na deoise. Misean a éilíonn go práinneach orainn ar fad.

Guímid go dtaga an Spiorad Naomh anuas as an nua ar gach duine atá ag glacadh páirt sa mhisean seo.

*Tar a Spiorad, anáil Dé,*
*scaip an dorchadas os ár gcoinn,*
*athnuaigh agus neartaigh do phobal.*

An t-Easpag Micheál Ó Duibhgeannáin
Féile San Nioclás Mhíora 2023

# Comhairle Thréadach Paróiste

## 1.0. Céard is Comhairle Thréadach Paróiste?

1.1. Is éard atá i gComhairle Thréadach Paróiste ná grúpa comhairleach, atá dílis don creideamh, ina n-oibríonn sagart/sagairt agus daoine le chéile mar pháirtí chun misean Críost a chur chun cinn ina pharóiste féin. Is trí chomhpháirtíocht mar seo a cothaítear pobal Críostaí bríomhar, fréamhaithe i mbaisteadh agus marcáilte le creideamh, le hadhradh agus le seirbhís.

## 2.0. An difríocht Idir Chomhairlí Tréadacha Paróistí agus Choistí Airgeadais Paróistí

2.1. Tá difríocht shoiléir idir Comhairli Tréadacha Paróistí agus Choisti Airgeadais Paróistí. Is daoine agus an gcaoi a théann an Creideamh Críostaí, dóchas agus grá i bhfeidhm orthu a dhíríonn an Chomhairle Thréadach Paróiste air ar mhaithe le fíor-phobal beo agus comhbhách a mhúnlú. Freastalaíonn pobal Críostaí bharántúil mar seo an t-am ar fad ar níos mó daoine ná a bpobal féin le dea-scéal an tSoiscéil a roinnt. Freastalaíonn siad ach go háirithe ar dhaoine bochta agus iad siúd atá ar imeall na sochaí.

2.2. Díríonn Coiste Airgeadais Paróiste ar riarachán críonna d'airgeadas agus de réadmhaoin an pharóiste ar mhaithe leis an Soiscéal amháin i gcomhréir le dlí canónta agus le dlí sibhialta.

## 3.0. Réimsí Cúraim do Chomhairle Thréadach Paróiste

3.1. Is iad seo a leanas cuid de na réimsí go mb'fhéidir go gcothódh an Chomhairle Thréadach Paróiste le misean an pharóiste a chur chun cinn.

a) Spás urnaí agus creidimh i saol an pharóiste.
b) Soiscéalú for-rothana
c) Cleachtadh leis an Scríbhinn Dhiaga
d) Bunú sa Chreideamh do Dhaoine Fásta
e) Tacú le saol an teaghlaigh
f) Tacú le saol urnaí dhaoine óga
g) Ceiliúradh liotúirgeach agus ministreacht liotúirgeach an pharóiste
h) Oiliúint scileanna agus foirmithe leanúnach dóibh siúd atá ar Chomhairle Thréadach Pharóiste agus a thugann aire do dhaoine eile sa pharóiste.



i) Cúram daoine - daoine bochta, daoine aosta, teaghlaigh a bhfuil daoine muinteartha leo tar éis bás a fháil, daoine le riachtanais breise, daoine ina cónaí leo féin, srl.
j) For-rochtain do dhaoine nua chuig paróiste
k) For-rochtain dóibh siúd ar imeall na hEaglaise agus na sochaí
l) Oibriú ar mhaithe le cuir leis an gcumarsáid ar fud an pharóiste, ach go háirithe, trí nuachtlitir mhaith, fhaisnéiseach atá curtha le chéile go deas agus le cur le hardáin na meáin shóisialta
m) Aird a tharraingt ar thuiscint Caitliceach maidir le ceisteanna sóisialta a théann i bhfeidhm ar shaol an pharóiste ar nós alcól, drugaí, bochtaineacht, tithíocht, srl.
n) Polasaithe chuí a fhorbairt maidir le ceisteanna ar nós amanna agus líon na hAifrinn.
o) Caidrimh mhaithe a chothú le Comhairli Tréadacha eile sa cheantar áitiúil, sa déanacht agus sa deoise.
p) Tréadchúram do dhaoine tinne, dóibh siúd atá san ospidéal agus daoine atá ar tí báis.
Q) Tacú le polasaithe agus nósanna imeachta do chosaint leanaí/daoine soghonta a chur i bhfeidhm.

## 4.0. Conas mar is ceart do Chomhairle Thréadach Paróiste a fheidhmiú?

4.1. Cé gur ról comhairleach chuig an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta), atá sa Chomhairle Thréadach Paróiste, tá sé ríthábhachtach go mbíonn fíoréisteacht agus go dtarlaíonn fíorchomhrá ag na cruinnithe.

4.2. Tar éis bliain amháin ar an bhfód, ba chóir dul i mbun athbhreithniú foirmeálta den chaoi a chuireann siad a obair i gcrích.

## 5.0. Comhairle Thréadach Paróiste i ngach Paróiste

5.1. Is polasaí de Dheoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach go bhfuil Comhairle Thréadach Paróiste amháin i ngach paróiste.

5.2. Is iad seo a leanas cúpla cúiseanna go gcuireann muid i gcleachtas an polasaí de Chomhairle Thréadach Paróiste amháin i ngach paróiste:

a) Cuireann sé le haontacht maidir le haidhme an pharóiste. Nuair a roinnfear acmhainní, áiseanna agus buanna cinntíonn sé go mbeidh an obair curtha i gcrích go héifeachtacht agus go héifeactúil.



b) Is pleanáil don todhchaí ceann de na príomhaidhme atá ag Comhairle Thréadach Paróiste. Ní féidir é seo a dhéanamh i gceart má tá an paróiste scoilte.

c) Téann Comhairle Thréadach Paróiste i ngleic le ceisteanna fairsinge agus ginearálta m.sh. soláthar oideachas reiligiúnach do dhaoine fhásta, ministreacht do dhaoine óga, ceisteanna sóisialta, tacú le beatha an teaghlaigh, srl. Seans nach mbeadh na hacmhainní ag séipéal i gceantar beag dul i ngleic leis na ceisteanna seo ar fad.

d) Cabhróidh sé le hobair dhúbailte a laghdú.

5.3. Cé go samhlaítear aon Chomhairle Thréadach Paróiste amháin agus aon Choiste Airgeadais Paróiste amháin i ngach paróiste sa cháipéis seo, d'fhéadfadh athrú teacht ar seo le himeacht ama agus de réir cúinsí a thagann chun cinn. Tá seans mhaith ann go ndéanfar na struchtúir seo a fhorbairt i bhforas níos mó le freastal ar ghrúpaí paróistí. Féach Aguisín 1

5.4. Ní bhunófar Comhairlí Tréadacha Paróiste iad féin mar chomhlacht reachtúil de réir dlí sibhialta m.sh. Comhlacht, srl

## 6.0. Ballraíocht de Chomhairle Thréadach Paróiste

6.1. Caithfidh an Chomhairle Thréadach Paróiste a bheith déanta suas de sheisear ar a laghad agus de dheichnear ar a mhéad mar aon leis na baill ex-officio (de bhrí oifige seo a leanas:)

a) An Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta)

b) An t-Ionadaí Cosanta Áitiúil.

c) Má tá sé i gceist, Sagairt ar leith a d'aimnigh an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) ó fhoireann sagairt atá an paróiste faoina gcúram.

6.2. Caithfidh an Chomhairle Thréadach Paróiste a bheith ina ionadaí don pobal paróiste ar fad, ina measc, na haicmí shóisialta ar fad, na haois ghrúpaí ar fad, agus mná agus fir. Moltar beirt bhaill ar a laghad a bheith faoi aois a 30.

6.3. Is téarma ceithre bhliain atá sa Chomhairle Thréadach Paróiste. Nuair a chríochnaíonn baill dhá théarma i ndiaidh a chéile, tá siad neamh-incháillithe a bheith athcheapadh ach is féidir leo a bheith athcheapadh arís tar éis ceithre bhliain a bheith thart.

6.4. Ní mór don Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) agus baill den Comhairle Thréadach Paróiste pleanáil do, aithint do agus tacú le daoine ar féidir, in am trátha, bheith ina baill thábhachtacha den Comhairle Thréadach Paróiste.

6.5 Tiocfaidh deireadh le Comhairle Thréadach Paróiste nuair atá oifig an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) folamh. I gcásanna mar sin, d'fhéadfadh an tEaspag iarraidh ar an gComhairle Thréadach Paróiste fanacht ag feidhmiú go dtí go gceapfar Sagart Paróiste nua (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta). Nuair a ghlacann an Sagart Paróiste nua lena phost nua, tá sé de rogha aige leanúint ar aghaidh leis an gComhairle Thréadach Paróiste reatha go dtí deireadh a téarma nó comhairle nua a bhunú.

## 7.0. Comhairle Thréadach Paróiste a thoghadh

7.1. Ba cheart don Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) cinneadh a dhéanamh i gcomhairle leis an gComhairle Thréadach Paróiste atá ag éirí as ar chonas ar cheart an toghchán a eagrú. Ba cheart go dtabharfaidh sé seo san áireamh líon na ndaoine le toghadh agus an riachtanas a bhaineann le hionadaíocht ón pobal creidimh an pharóiste iomlán.

7.2. Ba cheart cruinniú a eagrú ar mhaithe le baill a thofa a ndéanann ionadaíocht ar an bpobal ina iomlán. Is seisear ball an t-uasmhéid baill atá ceadaithe. Ba cheart an cruinniú a thionól i gcomhthéacs breithiúnais urnaithigh.

7.3. Nuair atá baill thofa faoi réir Chomhairle Thréadach Paróiste, ba cheart don Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) cruinniú a fhógairt de na baill thofa ar mhaithe le tús a chur le próiseas chun baill breise a chomhthoghadh. Is é ceathrar ball an t-uasmhéid bhall breise gur féidir a thoghadh. Toghfar na baill breise seo bunaithe ar go leor fáthanna; ina measc: bua ar leith nó cumas ealaíne nó ballraíocht i ngrúpa tréadach atá faoi ghannionadaíocht m.sh. Daoine óige, baill ón cór, Ministrí Comaoineach, Ministrí Bhriathar Dé, cothromaíocht na n-inscní, srl.

7.4. Is ball ex-officio (de bhrí oifige) den Chomhairle Thréadach Paróiste an t-Ionadaí Cosanta Áitiúil le linn a théarma/ a téarma oifige faoi seach.

7.5. Is rud inmhianaithe é go mbeadh na baill den Chomhairle Thréadach Paróiste ceaptha don aidhm seo go hoifigiúil faoi réir nósanna imeachta na Deoise.



## 8.0. Oifigí de Chomhairle Thréadach Paróiste

8.1. Beidh an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) i gceannas ar chruinnithe an Chomhairle Thréadach Paróiste. Níl sé ina cathaoirleach.

8.2. Ba cheart go mbeadh an cathaoirleach roghnaithe/ tofa go cúramach ag an gComhairle Thréadach Paróiste. Is a phríomhfheidhm/ a príomhfheidhm cruinnithe a ritear go maith a éascú.

8.3. Roghnóidh/ Toghfaidh an Chomhairle Thréadach Paróiste rúnaí leis na miontuairiscí a scríobh ag gach cruinniú agus le scéala a chur chuig na baill maidir le cruinniú, seachtain roimh ré, ar a laghad.

8.4. Cuirfidh gach baill den Chomhairle Thréadach Paróiste a ainm, a sheoladh, a uimhir gutháin agus a sheoladh ríomhphoist chuig an gCathaoirleach agus Rúnaí Oifig na Deoise laistigh de seachtain tar éis dó/di a bheith roghnaithe/ tofa.

8.5. Ba cheart d'oifigigh, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, a áit sa chomhairle a choinneáil do théarma iomlán an Chomhairle Thréadach Paróiste.

8.6. Más rud é go gceaptar go bhfuil sé oiriúnach oifigigh a thoghadh, ba cheart an córas toghacháin seo a leanas a chur i bhfeidhm: Ba cheart ainmnithe a lorg trí mholadh agus tacú. Déanfar vóta a chaitheamh trí vóta rúnda. Má tá níos mó ná beirt ainmnithe, beidh réamhvóta ann. An beirt le formhór líon na vótaí, is iadsan a bheidh mar iarrthóirí i vóta eile. Meastar tofa an t-iarrthóir le formhór na vótaí. Más rud é nach bhfuil ach ainmní amháin, caithtear vóta trí rún mar sin féin. Ní mór d'iarrthóir formhór na vótaí caite a fháil le bheith tofa.

## 9.0. Feidhmiú Ginearálta de Chomhairle Thréadach Paróiste

9.1. Buailfidh an Chomhairle Thréadach Paróiste le chéile ar a laghad ceithre uaire in n-aghaidh na bliana.

9.2. Is é freagracht an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) cruinnithe an Chomhairle Thréadach Paróiste a ghairm.

9.3. Roimh gach cruinnithe, ullmhóidh an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta), mar aon leis an rúnaí agus an cathaoirleach (coiste feidhmiúcháin) clár oibre don cruinniú.

9.4. Ba cheart tréimhse mhachnamhach agus urnaí bunaithe ar an scrioptúr a bheith san áireamh ag gach cruinnithe.

9.5 Mura féidir leis an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) bheith i láthair, beidh sagart eile, ainmnithe ag an Sagart Paróiste, i gceannas. Ní féidir le cruinniú cinneadh a dhéanamh gan an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) a bheith i láthair. Déanfar eisceacht i gcúinsí eisceachtúla m.sh. asláithreacht leanúnach mar gheall ar thinneas agus sa chás sin, is gá cead a lorg ón Easpag.

9.6. Ní cheart go mhairfidh cruinnithe níos faide nó uair go leith.

9.7. Is leath na mball den Chomhairle agus an Cathaoirleach é comhdhéanamh córaim do chruinniú.

9.8. Meastar gur éiríodh as aon bhall nár d'fhreastal ar thrí chruinniú i ndiaidh a chéile gan mhíniú réasúnta. Cuirfidh an rúnaí an ball seo ar an eolas i scríbhinn den rialú seo. Líonfar folúntais trí bhaill nua a chomhthoghadh.

9.9. Eiseofar tuairsc ghairid atá chomhaontaithe chuig lucht an pharóiste tar éis gach cruinniú den Chomhairle Thréadach Paróiste m.sh. Nóta a chur i nuachtlitir an Pharóiste, srl.

9.10. Beidh foirmiú leanúnach de gach bhaill den Chomhairle Thréadach Paróistí fíorthábhacht.

## 10.0. Fochoiste an Chomhairle Thréadach Paróiste

10.1. Más gá, is féidir fochoiste de Chomhairle Thréadach Paróiste a bhunú le cúnamh a thabhairt i réimsí ar leith de shaol an pharóiste nó ceisteanna ar leith a tharlódh ó am go ham.

10.2. Ní féidir fochoiste a bhunú ach le cead ón Chomhairle Thréadach Paróiste.

10.3. Caithfidh an fochoiste cathaoirleach agus rúnaí a thoghadh.

10.4. Caithfidh baill comhthofa den coiste a bheith ceadaithe ag an gComhairle Thréadach Paróiste.

10.5. Caithfidh gach fochoiste tuairisc dá obair a chur ar fáil ag gach cruinniú den Comhairle Thréadach.





# Coiste Airgeadais Paróiste

Tá sé de dhíth ar gach paróiste Coiste Airgeadais Paróiste bunaithe agus ag feidhmiú i gceart a bheith faoi réir. Leagfar é seo síos sa Chód Dlí Canónta (c.537) agus i nósanna imeachta airgeadais Dheoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach, a chuireann taca faoi rialú carthanachta Dheoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach.

## 1.0. Céard is Coiste Airgeadais Paróiste?

1.1. Tugann an Coiste Airgeadais Paróiste comhairle agus cúnamh don Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) sa riarachán críonna de mhaoin an pharóiste i spiorad na seirbhíse do Dhia agus dá phobal de réir dlí canónta agus sibhialta. San áireamh mar acmhainní an pharóiste tá na hacmhainní airgeadais ar fad, infheistíochtaí agus cuntais bainc san áireamh, mar aon le tailte, foirgnimh, trealaimh, déantáin reiligiúin an pharóiste, srl.. mar atá sonraithe go mion i gclár acmhainne an pharóiste.

## 2.0. Cúram Choiste Airgeadais Paróiste

2.1. Is é cúram an Coiste Airgeadais Paróiste comhairle agus cúnamh a thabhairt i mbainistiú na réimsí seo a leanas:

a) Tabharfaidh sé cúnamh chun cinnte a dhéanamh go bhfuil maoirseacht agus srianta sásúla i bhfeidhm do bhailiú agus lamháil airgid tirim.

b) Tabharfaidh sé cúnamh, le cabhair ó fhochoiste, más inmhianaithe, chun réamh-mheastacháin a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas an pharóiste. I gcaitheamh na bliana, déanfaidh an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta), le cúnamh an Coiste Airgeadais Paróiste, monatóireacht ar ioncam agus ar chaiteachas an pharóiste i bhfianaise an buiséad aontaithe nó na réamh-mheastacháin.

c) Tabharfaidh sé cúnamh le córas leabharchoimeádta don paróiste a chur i bhfeidhm a chomhlíonann le dea-chleachtas cuntasaíochta agus le nósanna imeachta na deoise maidir le hairgeadais paróiste agus cuntais. Beidh bliain airgeadais na bparóistí ag dul le bliain féilire go dtí 31 Nollaig.

d) Tabharfaidh sé cúnamh le lucht an pharóiste a choinneáil ar an eolas maidir le punann acmhainne agus airgeadais an pharóiste trí thuarascáil bhliantúil a chur i gcrích.

Cloífidh an tuairisc leis an gcaighdeán atá curtha ar fáil ag Oifig na Deoise agus cuirfear é ar fáil do lucht an pharóiste roimh dheireadh Aibreáin na mbliana dár gcionn.

e) Tabharfaidh sé cúnamh le Tuarascáil Bhliantúil an Pharóiste a ullmhú d'Oifig na Deoise.

f) Tabharfaidh sé cúnamh don Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) liosta cuimsitheach a chur le chéile de réadmhaoin pharóisteach, earraí agus trealamh an pharóiste. Tá cóip de seo le coinneáil sa pharóiste agus ceann eile curtha i dtaisce sna cartlanna deoiseacha. Táthar leis an liosta a uasdátú go bliantúil ag an am céanna a ndéanfar tuairisc chuig oifig na deoise.

g) Tabharfaidh sé comhairle don Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) ionas go ndéanfar úinéireacht mhaoin Eaglaise agus réadmhaoin na hEaglaise ar fad a chosaint. Tá gá le haird ar leith a thabhairt le cinnte a dhéanamh go bhfuil comhaontuithe léasa/ceadúnais/cíosa sásúla agus árachas i bhfeidhm.

h) Tabharfaidh sé comhairle don Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) maidir le ceannachán agus le léas/le díol acmhainní indiúscartha - gan dochar, ag cloí le foráil reatha threoirlínte na deoise.

i) Tabharfaidh sé comhairle agus cúnamh leis an bparóiste maidir lena pholasaí tiomsaithe airgid.

## 3.0. Teorainneacha ar Chúram de Choiste Airgeadais Paróiste

3.1. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais Paróiste i gcáil comhairleach don Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta).

3.2. De réir Canón 532, is an Sagart Paróiste amháin (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta), ní an Coiste Airgeadais Paróiste, a dhéanann ionadaíocht don paróiste i gcúrsaí dlí.

3.3. Ní bheidh an Coiste Airgeadais Paróiste ina fostóir.

3.4. Ní mheastar gurb é an Coiste Airgeadais Paróiste úinéir dlíthiúil de mhaoin an pharóiste.

3.5. Ní bhunófar Coiste Airgeadais Paróiste iad féin mar chomhlacht reachtúil de réir dlí sibhialta m.sh. Comhlacht, srl.

3.6. Mar a chéile, tá an Coiste Airgeadais Paróiste difriúil agus scartha ón Chomhairle Thréadach Paróiste. Mar sin féin, is ceart córas cumarsáide a chur i bhfeidhm le cinnte a dhéanamh go bhfuil cumarsáid leanúnach idir an dá fhoras.

3.7. Ba cheart go ndéanfar tuairisc a éisiúint go bliantúil ón Chomhairle Thréadach Paróiste chuig an gCoiste Airgeadais Paróiste agus ón Coiste Airgeadais Paróiste chuig an gComhairle Thréadach Paróiste.

## 4.0. Riachtanas de Choiste Airgeadais Paróiste

4.1. Tá sé de dhíth ar gach paróiste Coiste Airgeadais Paróiste amháin a bheith i bhfeidhm don paróiste uilig. (c. 537)

## 5.0. Ballraíocht de Choiste Airgeadais Paróiste

5.1. Déanfar an Coiste Airgeadais Paróiste suas de triúr ar a laghad agus seisear ar a mhéad.

5.2. De gnáth ba cheart go mbeadh cáilíochtaí cuí, taithí nó tuiscint cruthaithe sna réimsí d’airgeadais, de ghnó agus de bhainistiú réadmhaoin, srl.

5.3. Is téarma ceithre bhliain atá i gCoiste Airgeadais Paróiste. Nuair a chríochnaíonn baill dhá théarma i ndiaidh a chéile, tá siad neamh-incháillithe a bheith athcheapadh ach is féidir leo a bheith athcheapadh arís tar éis ceithre bhliain a bheith thart.

## 6.0. Coiste Airgeadais Paróiste a Bhunú.

6.1. Is ball ex-officio (de bhrí oifige) é an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) den Coiste Airgeadais Paróiste.

6.2. Beidh an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) mar bhall den Coiste Airgeadais Paróiste go leanúnach do fhad a cheapachán paróiste.

6.3. Ceapfaidh an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) i gcomhairliúchán le comhairleoirí tuata cuí, de réir mar a cheapann sé atá ceart, ar a laghad triúr agus ar a mhéad seisear chuig an gCoiste Airgeadais Paróiste.

6.4. Ní mór a bheith airdeallach go bhfuil na baill ionadaíoch de na "ceantair" ar fad sa pharóiste.

6.5. Tiocfaidh deireadh le Coiste Airgeadais an Pharóiste nuair atá oifig an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) folamh. I gcásanna mar sin, d'fhéadfadh an tEaspag iarraidh ar an gCoiste Airgeadais Paróiste leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go dtí go gceapfar Sagart Paróiste nua (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta). Nuair a ghlacann an Sagart Paróiste nua (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) lena phost nua, tá sé de rogha aige leanúint ar aghaidh leis an gCoiste Airgeadais Paróiste reatha go dtí deireadh a téarma nó coiste nua a bhunú.

## 7.0. Feidhmiú de Choiste Airgeadais Paróiste

7.1. Tá an Coiste Airgeadais Paróiste le bualadh le chéile trí uair in n-aghaidh na bliana.

7.2. Tá an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) i gceannas ar an gCoiste Airgeadais Paróiste. Ba cheart don coiste a chathaoirleach agus a rúnaí féin a cheapadh.

7.3. Ag tús an chéad chruinniú, tabharfar léargas cruinn ar shócmhainní an pharóiste, san áireamh, a staid airgeadais reatha. Ba chóir cóip de nósanna imeachta na Deoise maidir le hairgeadais agus le réadmhaoin an pharóiste a chur ar fáil do gach baill.

7.4. Is leath na mball agus an Cathaoirleach é comhdhéanamh córaim do chruinniú.

7.5. Ní féidir cruinniú a thionóil gan an Sagart Paróiste (nó a choibhéis de réir Dlí Canónta) a bheith i láthair. Déanfar eisceacht i gcúinsí eisceachtúla m.sh. asláithreacht leanúnach mar gheall ar thinneas agus sa chás sin, is gá cead a lorg ón Easpag agus toscaire an Easpaig a bheith i láthair.

7.6. Tá sé de dhíth ar bhaill an Coiste Airgeadais Paróiste cúrsaí a pléitear sna cruinnithe a choinneáil faoi rún, ach i gcás gur d'aontaigh an Coiste Airgeadais Paróiste a mhalairt ag cruinniú poiblí.

Tá an tEaspag freagrach as fhíor-chiall a bhaint as na nósanna imeachta. Ba mhaith linn a admháil an t-ionchur tábhachtach a rinneadh chuig an doiciméad oibre seo a ghabh Deoise Chluain Fearta, na Cille Móire, Chorcaí agus an Rois, agus Áil Finn de láimh chéanna féin.

# Aguisín 1: Comhchomhairle Thréadach Paróiste

1. Mar a mheasann an Sagart/ na Sagairt Paróiste (nó a c(h)oibhéis de réir Dlí Canónta) de dhá pharóiste nó níos mó go bhfuil sé tairbheach don na paróistí atá i gceist, is féidir leis/ leo cead a iarraidh i scríbhinn ón Easpag Comhchomhairle Thréadach Paróiste a bhunú. I gcás mar sin, ní bhunófar Comhairlí Tréadacha Paróistí uatha sna Comhpharóistí sin.
2. Nuair atá cead tugtha i scríbhinn -ba chóir don Sagart/ Sagairt Paróistí (nó a c(h)oibhéis de réir Dlí Canónta) próiseas roghnaithe a eagrú. Ba chóir go dheimhneodh an próiséas roghnaithe cothrom na féinne ó thaobh na ceantair thíreolaíochta éagsúla agus gníomhaíochtaí á léiriú in ionadaíocht na mball.
3. I gcás Comhchomhairlí Tréadacha Paróiste mar seo, ba chóir 4 ball roghnaithe ar a laghad agus 8 ball roghnaithe ar a mhéad a roghnú ó gach pharóiste sna comhpharóistí.
4. Is baill ex-officio (de bhrí oifige) an Sagart/ na Sagairt Paróiste (nó a c(h)oibhéis de réir Dlí Canónta) atá ceaptha chuig na comhpharóistí.
5. Ba chóir cinnte a dhéanamh go bhfuil ionadaí cosanta áitiúil ó cheann de na Comhpharóistí mar aon le ball amháin faoi aois a 30 ó gach Comhpharóiste.
6. Is féidir leis an Sagart/na Sagairt Paróistí (nó a c(h)oibhéis de réir Dlí Canónta) sagairt (nó Deagánaigh, Caitceasmóirí, Oibrí Tréadacha) atá ceaptha chuig na Comhpharóistí a mholadh mar bhaill.
7. Tar éis di a bheith bunaithe, ba cheart don Comhchomhairle Thréadach Paróiste oibriú i gcoiteann a chéile ar mhaithe leis an leas is fearr a bhaint amach do na paróistí ar fad. - Ba cheart misneach a thabhairt do na paróistí oibriú le chéile le rud a bhaint amach le chéile nach féidir a bhaint amach i bparóiste amháin.
8. Ba chóir do Chomhchomhairlí Tréadacha Paróistí mar seo feidhmiú de réir nósanna imeachta Comhairlí Thréadacha Paróiste uatha.
9. Beidh an Sagart/na Sagairt Paróiste (nó a c(h)oibhéis de réir Dlí Canónta) i gceannas le chéile ar chruinnithe an Chomhchomhairle Thréadach Paróiste.
10. Roimh gach cruinnithe, ullmhóidh an Sagart/ na Sagairt Paróiste (nó a c(h)oibhéis de réir Dlí Canónta), mar aon leis an rúnaí agus an cathaoirleach (coiste feidhmiúcháin) clár oibre don cruinniú.
11. Ní féidir le cruinniú cinneadh a dhéanamh gan na Sagairt Paróiste óna Comhpharóistí (nó a c(h)óibhéas de réir Dlí Canónta) a bheith i láthair. Déanfar eisceacht i gcúinsí eisceachtúla m.sh. asláithreacht leanúnach mar gheall ar thinneas agus sa chás sin, is gá cead a lorg ón Easpag.
12. Ar nós Comhairle Thréadach Paróiste uatha, tiocfaidh deireadh leis an gComhchomhairle Thréadach Paróiste nuair atá oifig d'aon de na Sagairt Paróiste (nó a c(h)oibhéis de réir Dlí Canónta) sa chomhairle folamh. I gcásanna mar sin, d'fhéadfadh an tEaspag iarraidh ar an gComhchomhairle Thréadach Paróiste fanacht ag feidhmiú go dtí go gceapfar Sagart/Sagairt Paróiste nua (nó a c(h)oibhéis de réir Dlí Canónta). Nuair a ghlacann an Sagart/na Sagairt Paróiste nua lena p(h)ost nua, tá sé de rogha aige/acu leanúint ar aghaidh leis an gComhchomhairle Thréadach Paróiste reatha go dtí deireadh a téarma nó comhairle nua a bhunú.
13. Ba chóir go mbeadh ballraíocht sna fochoistí a bhunaigh an Chomhchomhairle Thréadach Paróiste ionadaíoch go cothrom de gach cheann de na Comhpharóistí.
14. Ba chóir do gach Paróiste uatha Coiste Airgeadais Paróiste a bheith bunaithe agus ag feidhmiú de réir na nósanna imeachta seo. Mar sin féin, moltar córas a chur i bhfeidhm le cinnte a dhéanamh go bhfuil cumarsáid leanúnach idir an Coiste Airgeadais Paróiste agus an Comhchomhairle Thréadach Paróiste.
15. Ba cheart go ndéanfar tuairisc a éisiúint go bliantúil ón gComhchoiste Thréadach Paróiste chuig an gCoiste Airgeadais Paróiste agus ón gCoiste Airgeadais Paróiste chuig an gComhchomhairle Thréadach Paróiste.



**Nósanna Imeachta do Chomhairlí Tréadacha Paróistí agus do Choistí Airgeadais Paróistí**

Deoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach

www.galwaydiocese.ie